Cuireadh Chun Tairisceana

Conradh le hábhar do chainéal YouTube agus meáin shóisialta eile Thuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) a fhorbairt agus a sholáthar.

Fáilteoidh TnaG roimh iarratais ó chomhlachtaí, léiritheoirí nó daoine aonair atá lonnaithe sa Ghaeltacht le hábhar a sholáthar do chainéal YouTube agus meáin shóisialta eile na heagraíochta atá dírithe ar pháistí agus daoine óga aois 0-18.

Bheifí ag súil go gcuirfí díol bliana de sholáthar reatha físeán agus ábhar eile ar fáil agus go ndéanfaí forbairt i gcoitinne ar earnáil Gaeilge YouTube agus na meáin shóisialta eile a bhfuil spéis ag daoine óga iontu.

I measc an ábhair seo beidh:
Branda TnaG ar YouTube agus na meáin shóisialta eile a fhorbairt.
Réalta YouTube (*YouTuber*) Gaeilge a fhorbairt (ar nós *Josh, Jelly, Crainer* srl) sna canúintí éagsúla.
Físeáin leis na réalta seo a sholáthar.
Ócáidí rialta bunaithe ar chluichí ríomhaireachta a chur ar bun (seisiúin ar *minecraft* srl).
Físeáin de pháistí ag déanamh léirmheasanna ar bhréagáin a sholáthar.
Físeáin a fhorbairt i gcomhar le TnaG (Cuideachta le Clíona srl).
Físeáin agus ábhar do na meáin eile (m.sh. *TikTok*) a fhorbairt.
Foclóir Gaeilge a bhaineann le cluichí ríomhaireachta agus ábhar eile ar líne a fhorbairt, a úsáid agus a scaipeadh.
Seinnliostaí agus ábhar tacaíochta eile a chur le chéile do chainéal YouTube agus ardáin eile TnaG.

Déanfar gach gné den obair i gcomhar le/faoi stiúir TnaG. Is fiú thart ar €40,000 an conradh seo.

Tuilleadh eolais & Téarmaí Tagartha ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le sorcha@tuismitheoiri.ie

Spriocdháta na n-iarratas: 2 Samhain 2020.

Tá an togra seo á choimisiúnú ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Faigheann TnaG bunmhaoiniú ón Roinn Cultúir, Ealaíon, Meán, Turasóireachta, Spóirt agus Gaeltachta. Ní mór cloí le treoirlínte Covid-19 an rialtais in aon obair a bheidh ar bun.

Lógó: TnaG, Roinn na G, S20, Údarás.